COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE
OIDEACHAS d'AOSAIGH
SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS FEADH SAOIL

FETAC
Further Education and Training Awards Council
Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS

TEACHTAIREACHT FÁILTE

Mar cheann de na Coistí Gairmoideachais is mó sa tír cuimsíonn Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe an ceantar Gaeltachta is mó sa tír lena n-áirítear Conamara Theas agus na hOileáin Árann.

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe an foghlaimeoir ag croílár ár soláthar oideachais agus déanaimid ár ndícheall “barr feabhais a chothú i gcaighdeán na seirbhíse oideachais a chuirimid ar fáil do gach duine i gContae na Gaillimhe” mar atá sonraithe inár Ráiteas Misin.

Tá cláracha Aosoideachais agus Bhreisoideachais bunaithe ar an bhfealsúnacht gur próiseas fadsaoil agus ilréimseach atá sa bhfoghlaim agus cuirimid cúrsaí ar fáil ag leibhéil éagsúla thar réimse leathan abhar. Léiríonn na seirbhísí Abhcóideachta agus Treorach an bhéim a chuirtear ar chur chuige uileghabhálach agus comhtháite i soláthar ár seirbhísí oideachais.

Déanaimid freastal ar thrasghearradh leathan den phobal agus monatóireacht ar na héilimh a thagann chugainn ón bpobal go rialta.

Cuimhnigh, tá Aosoideachais ann do chách – tar agus bí ag foghlaim linn.

Seosamh Mac Donncha
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

RÉAMHRÁ:

Thar ceann Sheirbhís Oideachais d'Aosaigh Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, tá áthas orm Eolaire na Seirbhíse Oideachais d'Aosaigh 2010 – 2011 a chur in bhur láthair. Leagann an bróisiúr seo amach na cláir éagsúla atá á gcur ar fáil ar fud na Gaillimhe.

Is gné lárnach inár saoil é an foghlaim ar feadh an tsaoil sa lá atá inniu ann. Trí dheiseanna oideachais a chruthú dár bhfoghlaimeoirí agus a chinntiú go bhfuil na cláir atá againn ar thús cadhnaíochta i dtaca le deiseanna san ionad oibre, is féidir a chinntiú go bhfuil córas soiléir ann maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn. Bíonn an fhoireann atá i mbun oideachas d'aosaigh de shíor ag déanamh athbhreithniú ar na cláir atá á gcur ar fáil againn agus ag cinntiú go bhfuil siad ar aon dul le treochtaí agus forbairtí eacnamaíochta. Tagann dúshláin nua chun cinn de bharr athruithe socheacnamaíocha agus dá bharr sin bíonn deis againn bheith páirteach i gclár oideachais atá cuimsitheach agus roinnte.

Aithnímid an gá atá ann oibriú go dlúth lenár gcomhpháirtithe oideachais agus fostaíochta agus dá bhrí sin tá naisc láidre againn le gach gníomhaireacht atá bainteach le hoideachas agus le hoiliúint. Is é ár misean agus ár bhfís sna blianta beaga seo amach romhainn a chinntiú go mbeidh timpeallacht athraitheach an 21ú céad le feiceáil go soiléir sna cláir a chuirimid ar fáil.

Táimid ag súil le clár oideachais a chur ar fáil atá cuimsitheach, uileghabhálach agus ábhartha.

Eithne Nic Dhonnchadha

Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

RÁITEAS MISIN

Cuireann Seirbhís Oideachais d'Aosaigh V.E.C. Chontae na Gaillimhe clár oideachais atá cuimsitheach, iomlán, comhtháite agus uileghabhálach ar fáil dár bhfoghlaimeoirí uile.

Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís a chinntiú gur féidir le gach duine a dhéanann staidéar linn é sin a dhéanamh ar leibhéal a fheileann dá mbuanna agus dá gcumais féin.

LÉARGAS AR AN TSEIRBHÍS:

Cuireann an tSeirbhís Oideachais d'Aosaigh roinnt clár oideachais ar fáil ar fud an chontae. Is é an Coiste Gairmoideachais, a bhfuil a cheanncheathrú ar an gCoiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, a dhéanann an tseirbhís a riar.

Príomhfheidhmeannach: Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
Seosamh Mac Donncha An Coiléar Bán
Baile Átha an Rí,
Co na Gaillimhe.

Guthán: 091-874260
Facs: 091-874270

Cathaoirleach an Choiste: An Comhairleoir Jarlath Mc Donagh

Oifigeach Oideachais d'Aosaigh: Eithne Nic Dhonnchadha

An Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Guthán: 091-874533/38/42
Ríomhphost: adulteducation@cogalvec.ie

Mairéad Thompson	Bainisteoir Acmhainní Daonna
Séan Duffy	Oifigeach Oideachais
Charles Mitchell	Oifigeach Airgeadais

Bord Oideachais d'Aosaigh:

Pat Gilmore	VEC Chontae na Gaillimhe
Séan Connolly	Príomhoide – Gairmscoil Bhaile Locha Riach
An Comhairleoir Jarlath McDonagh	Ball de VEC Chontae na Gaillimhe
Malachy Qualter	Cumann na Gaillimhe
Frank Curley	Stiúrthóir – Ionad Pobail Oiliúna Thuama
Páraic Ó Loidéain	Ionadaí FÁS
Séan Duffy	VEC Chontae na Gaillimhe – Oifigeach Oideachais
Eithne Nic Dhonnchadha	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
Pádraig Uas. Ó Conghaile	Ionadaí Údarás na Gaeltachta
Anna Mallaghan	Ionadaí Chomhairle Contae na Gaillimhe
Michael Griffith	Ionadaí Teagasc

OIFIG EAGRAÍ SCÉIMEANNA OIDEACHAIS D'AOSAIGH:

Eithne Nic Dhonnchadha
Oifigeach Oideachais d'Aosaigh – Gaillimh Thoir,
Oifigí VEC Chontae na Gaillimhe,
An Coiléar Bán,
Baile Átha an Rí,
Co. na Gaillimhe

Guthán: 091-874538
Facs: 091-874270
Ríomhphost: adulteducation@cogalvec.ie

An Fhoireann: Olivia Monaghan – Rúnaí Oideachais d'Aosaigh

Léargas ar an tSeirbhís / Cláir & Teastais a thairgtear:
Is ar an Oifigeach Oideachais d'Aosaigh atá an fhreagracht maidir le bainistiú agus forbairt na Seirbhíse Oideachais d'Aosaigh trí chéile. Clúdaíonn an ról seo comhpháirtíocht agus líonrú idirghníomhaireachtaí, pleanáil straitéiseach, oiliúint ionghairme a eagrú, leithdháileadh cúnamh airgid, taighde agus forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí nua in eagraíochtaí áitiúla, cinntí a dhéanamh faoi bhuiséad agus faoi infrastruchtúr agus bainistiú laethúil na seirbhíse

Acmhainní & Saineolas atá ar fáil:
Tá ról tábhachtach ag líonrú agus comhpháirtíocht le príomhghníomhaireachtaí i bhforbairt agus i mbainistiú na seirbhíse Oideachais d'Aosaigh.
Tá an tOifigeach Oideachais d'Aosaigh mar bhall faoi láthair de na coistí seo a leanas:
Coiste Cúram Leanaí & Foghrúpa Oideachais Chathair agus Chontae na Gaillimhe
Bord an Tascfhórsa Réigiúnaigh um Dhrugaí agus Fochoiste Oideachais
Coiste A.I.T. Rapid Bhéal Átha na Sluaighe / Bord Forbartha an Chontae
Grúpa Oibre Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil
Oibríonn an tOifigeach Oideachais d'Aosaigh go dlúth le FÁS, Údarás na Gaeltachta ,An Roinn Coimirce Sóisialaí, An HSE,Bord Iascaigh Mhara,Meitheal Forbartha na Gaeltachta agus grúpaí pobail chun réimse clár a chur ar fáil.

ÉASCAITHEOIR OIDEACHAS POBAIL

Máire Uí Éanaigh
Éascaitheoir Oideachas Pobail
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-874260 **Facs**: 091-874270 **Ríomhphost:** cef@cogalvec.ie

Céard a dhéanann siad?

- Mar chuid de Sheirbhís Bhunúsach Oideachais d'Aosaigh an CDVEC, oibríonn Éascaitheoirí Oideachas Pobail i gcomhar le heagraíochtaí pobalbhunaithe a chuireann deiseanna foghlama oideachais d'aosaigh ar fáil ag leibhéal áitiúil.
- Cuireann siad comhairle agus tacaíocht ar fáil do ghrúpaí atá bunaithe cheana agus do ghrúpaí nua maidir le maoiniú, acmhainní, forbairt cláir, creidiúnú, bealaí chun cinn d'fhoghlaimeoirí.
- Is é an aidhm atá acu an acmhainn forbartha atá ann d'oideachas pobalbhunaithe a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais oideachais atá ag spriocghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus sóisialta in áiteanna i nGaillimh.
- Spreagtar naisc idir soláthróirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla oideachais chun taithí dhearfach foghlama a thabhairt d'aosaigh in oideachas pobail.
- Má bhaineann tú le grúpa bunaithe nó le grúpa nua tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh leo i gcaitheamh na bliana.
-

Léargas ar an tSeirbhís / Cláir & Teastais a thairgtear:

Tacaíonn an tSeirbhís Oideachas Pobail le hOideachas Pobail a fhorbairt ar fud an chontae. Tá an tseirbhís mar chuid de Sheirbhís Oideachais ar feadh an tsaoil d'Aosaigh Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus le cabhair ón Scéim Deontais d'Oideachas Pobail, cuireann sí cúnamh airgid ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha ar mian leo cláir oideachais a reáchtáil ina gceantar féin.

Spriocghrúpa:
Grúpaí Pobail agus Deonacha

Acmhainní & Saineolas atá ar fáil:

Tá comhairle agus cabhair ar fáil d'eagraíochtaí pobail agus deonacha chun grúpaí foghlama pobalbhunaithe nua a fhorbairt agus a chothú.
Cuireann an tSeirbhís Oideachas Pobail na nithe seo a leanas ar fáil:

- Tacaíocht do ghrúpaí nua oideachas pobail agus do ghrúpaí atá bunaithe cheana féin i bhfoirm ionchur teicniúil, riaracháin agus oideachasúil.
- Comhpháirtíochtaí agus naisc a fhorbairt agus a spreagadh le soláthróirí reachtúla agus eile.
- Ról na hearnála a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt d'fhor-rochtain agus d'atreorú chuig an earnáil reachtúil.
- Teagmháil a chothú maidir le saincheisteanna a bhaineann le dearbhú cáilíochta, creidiúnú agus teastasú.

Tá cabhair ar fáil do chur i bhfeidhm na scéime 'Filleadh ar an Oideachas' ar fud an chontae tríd an tseirbhís seo.

Scéim Deontas Oideachas Pobail 2011/12

Déanfaidh an Coiste thuas iarratais a mheas ó Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha atá gníomhach i gCo. na Gaillimhe ar chúnamh deontais faoin Scéim Deontas Oideachas Pobail.

Is iad seo a leanas aidhmeanna na Scéime:
(a) Cabhrú le pobail i gceantair faoi mhíbhuntáiste chun páirt a ghlacadh i dtionscadail oideachais atá pobalbhunaithe.
(b) Aird a tharraingt ar réimse riachtanas an fhoghlaimeora aosaigh agus clár a sholáthar le freastal ar na riachtanais sin.
(c) Tionscadail phíolótacha a chur ar fáil san Oideachas Pobail i gceantair nach raibh aon rannpháirtíocht iontu go dtí seo.

Is í an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a mhaoiníonn na deontais seo.

Seirbhís Treorach Oideachais d'Aosaigh Chontae na Gaillimhe

Comhordaitheoir: Tadhg Crowley
Ionad Phobail,
Timpeallán Bóthair Baile Átha Cliath,
Orán Mór,
Co. na Gaillimhe.

Guthán: 091630647 nó 0872818506
Ríomhphost: aegs@cogalvec.ie

Treoirchomhairleoir: Suzette Liddy
An tSeirbhís Treorach Oideachais d'Aosaigh,
An tIonad Foghlama d'Aosaigh,
Lána an tSéipéil,
Plás an tSéipéil,
Tuaim.

Guthán: 087 2069565

Oifigeach Eolais: Olivia Monaghan
Oifigí Riaracháin VEC,
An Coiléar Bán,
Baile Átha an Rí,
Co. na Gaillimhe

Ionad Phobail,
Timpeallán Bóthair Baile Átha Cliath,
Orán Mór,
Co. na Gaillimhe.

Guthán: 091 874242

Is é an ról atá ag an tSeirbhís Treorach Oideachais d'Aosaigh seirbhís chuimsitheach treorach a chur ar fáil d'aosaigh atá ag glacadh páirte i gcláir VTOS, cláir Litearthachta agus cláir Oideachas Pobail; do Dhaoine a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as an mBord Airgeadais Oideachais amach anseo agus le Ceisteanna Ginearálta ón bPobal a fhreagairt. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil ar fud an chontae.

Le cabhair ón treoir seo is féidir le haosaigh fáil amach cé na deiseanna oideachais/gairme a d'fheilfeadh dóibh. Tacaíonn an tseirbhís chomh maith le foghlaimeoirí i réimsí cosúil le spreagadh, déileáil le rudaí atá ag cur bac leis an bhfoghlaim, muinín a threisiú, scileanna a fhorbairt maidir le pleanáil chun cinn, cinntí a dhéanamh agus spriocanna a leagan amach. Tugann Treoirchomhairleoirí d'Aosaigh tacaíocht d'fhoghlaimeoirí ar bhonn aonair agus grúpa. Cuireann Oifigeach Eolais na Seirbhíse Treorach d'Aosaigh eolas cothrom le dáta, ábhartha agus beacht ar fáil do chliaint agus don phobal i gcoitinne.

SCÉIMEANNA LITEARTHACHTA D'AOSAIGH

IONAD FOGHLAMA, CLADHNACH, AN CHEATHRÚ RUA

Neasa de Bhailis
Eagraí Scéimeanna Litearthachta d'Aosaigh
Ionad Foghlama, Cladhnach, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Guthán: 091-506060
Facs: 091-506066
Ríomhphost: ndebhailis@eircom.net

OIFIG LITEARTHACHTA D'AOSAIGH, BAILE LOCHA RIACH

Sheila Donnellan
Eagraí Scéimeanna Litearthachta d'Aosaigh
Ionad Foghlama d'Aosaigh, Gaillimh Thoir,
Sráid na Mainistreach, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe

Guthán: 091-847850
Facs: 091-842614
Ríomhphost: sdonnellan@cogalvec.ie

IONAD FOGHLAMA D'AOSAIGH GHAILLIMH THIAR - MAIGH CUILLINN/UACHTAR ARD/AN CLOCHÁN

Teresa Gilligan
Eagraí Scéimeanna Litearthachta d'Aosaigh
Ceantair Mhaigh Cuillinn / Uachtar Ard / an Chlocháin i gCo. na Gaillimhe

Guthán: 091-555877
Facs: 091-556259
Ríomhphost: tgilligan@cogalvec.ie

OIFIG LITEARTHACHTA D'AOSAIGH, TUAIM

Sheila Holland Fox
Eagraí Scéimeanna Litearthachta d'Aosaigh
Lána an tSéipéil
Tuaim, Co. na Gaillimhe

Guthán: 093-26609
Facs: 093-26609
Ríomhphost: shollandfox@cogalvec.ie

OIFIG LITEARTHACHTA D'AOSAIGH, ÁTH CINN

Theresa Byrne
Eagraí Scéimeanna Litearthachta d'Aosaigh
An Phríomhshráid,
Áth Cinn,
Co. na Gaillimhe

Guthán: 093-34746 **Ríomhphost:** tbyrne@cogalvec.ie

Léargas ar an tSeirbhís / Cláir & Teastais a Thairgtear:

- Cuirimid Ranganna Léitheoireachta, Scríbhneoireachta, Litrithe agus Mata ar fáil d'fhoghlaimeoirí aosaigh
- ESOL ag Leibhéal an Tosaitheora d'Oibrithe Imirceacha
- Cláir Foghlama Teaghlaigh do Thuismitheoirí le Leanaí idir 0 – 6 bliana d'aois

Spriocghrúpa:
Gach Aosach os cionn 18 mbliana d'aois / Tuismitheoirí a bhfuil easpa muiníne orthu cabhrú lena leanaí agus iad ag foghlaim.

- Cuirimid Tacaíocht Litearthachta ar fáil d'Ionaid Riachtanas Speisialta.

Acmhainní & Saineolas atá ar fáil:

- Teagascóirí Deonacha Oilte agus Teagascóirí Páirtaimseartha Íoctha.
- Tá leabharlann ar fáil san Ionad do gach foghlaimeoir aosaigh.
- Rochtain ar Sheirbhís Treorach & Comhairleoireachta d'Aosaigh.

Teastasú:
Tá deis ag rannpháirtithe creidiúnú a fháil.

Dianchúrsaí Teagaisc:

Cuirtear Dianchúrsaí Teagaisc ar fáil do ghrúpaí beaga idir seisear agus ochtar foghlaimeoirí.
Ritheann na cúrsaí ar feadh 6 huaire an chloig sa tseachtain thar 14 seachtaine.
Tá an teagasc saor in aisce.

Cúrsaí Foghlama Teaghlaigh:
Cuirtear réimse Cúrsaí Foghlama Teaghlaigh ar fáil i nGaillimh Thiar.
Is é príomhaidhm na gcúrsaí seo scileanna a thabhairt do thuismitheoirí le cabhrú leo scileanna teanga agus léitheoireachta a gcuid leanaí a fhorbairt.

Liosta de Chúrsaí Foghlama Teaghlaigh:
Scileanna Staidéir sa Bhaile (creidiúnaithe ag FETAC) (20 uair an chloig teagaisc thar 10 seachtaine)
I measc na n-ábhar a chlúdaítear ar an gcúrsa seo tá:

- Na scileanna a fhoghlaimíonn leanaí ó shúgradh a aithint agus iad sin a nascadh le hábhar a fhoghlaimítear ar scoil
- Acmhainní úsáideacha súgartha a fhiosrú
- Scileanna labhartha agus éisteachta an linbh a fhorbairt
- Plé a dhéanamh ar bhealaí le tacú le léitheoireacht an linbh
- Roinnt modhanna a aithint chun cabhrú le leanaí lena litriú agus lena scríbhneoireacht
- Féachaint ar mhata a fheictear sa domhan timpeall orainn agus breathnú ar bhealaí inar féidir le tuismitheoirí tacú lena leanaí agus a gcuid mata
- Foghlaim conas cabhrú le leanaí i réimse ar leith den mhata
- Saincheisteanna iompair agus smachta
-

Cúrsa Málaí Scéalta -

- (12 uair an chloig teagaisc thar 6 seachtaine)
- Tá an cúrsa seo dírithe ar thuismitheoirí le leanaí óga suas go seacht mbliana d'aois.
- Mata do Thuismitheoirí le Leanaí Bunscoile
- Gaeilge do Thuismitheoirí le Leanaí Bunscoile
- Tá Cúrsaí Foghlama Teaghlaigh ar fáil saor in aisce agus oscailte d'aosaigh nár chríochnaigh oideachas dara leibhéal nó nach bhfuil eolas acu ar chóras oideachais na tíre.

ITABE (Dianteagasc in Oideachas Bunata Aosach)

Léargas:

- Cuirtear an clár seo ar fáil ar feadh 6 huaire an chloig (a dhéantar in dhá nó trí sheisiún sa tseachtain) ar feadh 14 seachtaine.
- Tá sé feiliúnach le haghaidh gach scoláire litearthachta agus is i ngrúpaí a reáchtáiltear é.

Chun tuilleadh eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le d'Eagraí áitiúil Scéimeanna Litearthachta d'Aosaigh.

TEAGASCÓIR DEONACH

***"Is é múineadh an fhoirm is airde tuisceana."* - Aristotle, Fealsamh Ársa Gréigeach 384BC – 322BC**

Céard é teagascóir deonach?

Tacaíonn teagascóir litearthachta d'aosaigh le daoine fásta a gcuid scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litrithe nó uimhearthachta a fhorbairt le cur ar a gcumas spriocanna pearsanta agus/nó oibre a bhaint amach.
Ní gá bheith i do mhúinteoir le bheith i do theagascóir deonach (cé go mbíonn múinteoirí ina dteagascóirí deonacha freisin) ná ní gá duit céim a bheith agat. Ní gá duit aon taithí a bheith agat sa réimse seo mar go gcuireann an tseirbhís litearthachta oiliúint iomlán ar fáil.
Má tá tú in ann léamh, scríobh agus litriú (ag leibhéal maith), má tá scileanna maithe cumarsáide agat agus má tá tú muiníneach i do chumas a bheith báúil agus tuisceanach le haosaigh le deacrachtaí litearthachta, is féidir leat cabhrú. Le cabhair ó oiliúint is féidir leat tacú le haosaigh atá ag iarraidh a gcuid scileanna litearthachta a fheabhsú.

Conas is féidir leat a bheith i do theagascóir deonach?

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe tacaíocht ar fáil d'aosaigh ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litrithe agus uimhearthachta ionas go mbeidh ar a gcumas cuspóirí pearsanta nó oibre a bhaint amach.
Éiríonn go maith linn san obair seo a bhuíochas sin do thiomantas na dteagascóirí oilte deonacha.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi bheith i do theagascóir deonach, déan teagmháil le:

Neasa de Bhailis, ALO, Ionad Foghlama, Cladhnach, an Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.
Guthán: 091-506060 **Facs:** 091-506066 **Ríomhphost:** ndebhailis@eircom.net

Sheila Donnellan, ALO – Ionad Foghlama d'Aosaigh Ghaillimh Thoir, Sráid na Mainistreach, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091-847850 **Facs:**091 -842614 **Ríomhphost:** sdonnellan@cogalvec.ie

Teresa Gilligan, ALO – Ceantair Mhaigh Cuilinn / Uachtar Ard / an Chlocháin i gCo. na Gaillimhe
Guthán: 091-555877 **Facs:** 091-556259 – tgilligan@cogalvec.ie

Sheila Holland Fox, ALO – Lána an tSéipéil, Tuaim, Co. na Gaillimhe
Guthán: 093-26609 **Facs:** 093-26609 - **Ríomhphost:** shollandfox@cogalvec.ie

Theresa Byrne, ALO – An Phríomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe
Guthán: 093-34746 **Ríomhphost:** tbyrne@cogalvec.ie

Eolas faoi VTOS

Tá na cláir a chuirtear ar fáil faoi VTOS bunaithe ar oideachas, dírithe ar ghairmeacha agus ar dhul chun cinn.

Tugann na cláir deis do rannpháirtithe na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- cur lena leibhéil oideachais
- teastasú a bhaint amach laistigh den chreat náisiúnta cáilíochtaí
- eolas agus scileanna a fhorbairt atá feiliúnach don ionad oibre
- leanúint ar aghaidh chuig fostaíocht nó chuig breisoideachas nó oiliúint a thabharfaidh i dtreo fostaíochta iad.

Seo a leanas an réimse deiseanna foghlama a chuireann ionaid VTOS ar fáil:

- An Teastas Sóisearach
- An Ardteistiméireacht
- Cúrsaí lena mbaineann dámhachtain FETAC ag Leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- Cúrsaí lena mbaineann dámhachtain FETAC ag Leibhéal 4 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- Cúrsaí lena mbaineann dámhachtain FETAC ag Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Cuirtear réimse leathan ábhar ar fáil ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Clúdaíonn na cúrsaí a mbíonn dámhachtain FETAC ag baint leo raon leathan réimsí foghlama lena n-áirítear ealaín/ceardaíocht/dearadh, staidéar gnó, cúram leanaí, cumarsáid, drámaíocht, dearadh faisin agus na taibhealaíona. Cuirfidh gach ionad VTOS deiseanna éagsúla foghlama ar fáil ag brath ar an áit ina bhfuil sé agus ar mhéid an ionaid.

Baineann rannpháirtíocht VTOS le dhá mhodh mar seo a leanas:

- mar scoláire VTOS ‘croílár’ i ngrúpa le suas le fiche scoláire VTOS eile in Ionad VTOS nó in Ionad Oideachais d’Aosaigh
- mar scoláire VTOS ‘scaipthe’ i ngrúpa scoláirí ina mbeidh cuid acu ina scoláirí VTOS agus ina mbeidh cuid eile ag staidéar trí scéimeanna/chláir eile. Go hiondúil freastalaíonn scoláirí VTOS ‘scaipthe’ ar Choláiste Breisoideachais nó ar Choláiste Iar-Ardteistiméireachta.

I ngach cás is faoi bhainistíocht an VEC áitiúil (Coiste Gairmoideachais) a bheidh an t-ionad foghlama nó an coláiste.

Chun eolas a fháil faoi dheiseanna foghlama a bhaineann le VTOS, ba cheart go ndéanfadh duine atá cáilithe do VTOS teagmháil ar an gcéad dul síos leis an gcomhordaitheoir VTOS ag an ionad /coláiste VTOS áitiúil.

Ceisteanna Coitianta

Céard é an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)?
Is éard atá i gceist le VTOS réimse cúrsaí atá leagtha amach le freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna daoine dífhostaithe.

Céard iad aidhmeanna VTOS?
• Deiseanna oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe
• Daoine a ullmhú don fhostaíocht nó do dheiseanna foghlama eile a thabharfaidh i dtreo fostaíocht íoctha iad

Cá mbíonn cúrsaí VTOS ar siúl?
Ritheann an 33 VEC (Coistí Gairmoideachais) cúrsaí VTOS i mbreis agus céad coláiste/ionad ar fud na hÉireann.

An bhfuil mé cáilithe chun cúrsa VTOS a dhéanamh?
Tá, má tá tú:
• 21 bliain d'aois nó os a chionn
• ag fáil cúnamh dífhostaíochta nó sochar dífhostaíochta nó má tá tú ag síniú le haghaidh creidmheasanna ar feadh sé mhí ar a laghad nó
• ag fáil íocaíocht teaghlach aontuismitheora, liúntas míchumais, sochar míchumais* nó pinsin easláine ar feadh sí mhí ar a laghad nó
• i do chleithiúnaí céile d'aon duine díobh sin ar feadh sé mhí ar a laghad nó
• ag fáil pinsin na ndall, liúntas / sochar banchéile thréigthe, pinsin ranníocach/neamh-ranníocach baintrí/baintrí fir nó liúntas banchéile príosúnaigh le sé mhí ar a laghad. Is féidir go mbeadh coinníollacha i gceist i gcás phinsin na ndall, liúntas / shochar banchéile thréigthe, phinsin ranníocach/neamh-ranníocach baintrí/baintrí fir nó liúntas banchéile príosúnaigh. Cuirfear san áireamh tréimhsí a chaitear ar chúrsaí oiliúna FÁS, ar Scéimeanna Fostaíochta Pobail, ar Chlár Tionscnaimh Post, ar Chláir Ógtheagmhála agus am a chaitear i bpríosún i dtreo na tréimhse cáilithe.

** Ba cheart do dhaoine atá ag fáil Sochar Míchumais teagmháil a dhéanamh ar dtús báire leis an Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh faoi dhíolúine/theidlíocht maidir le leanúint lena n-íocaíocht Sochar Míchumais.*

Cé mhéad a chosnóidh cúrsa VTOS?
Cuirtear cúrsaí VTOS ar fáil saor in aisce:-

Má tá tú ag fáil cúnamh dífhostaíochta nó sochar dífhostaíochta faoi láthair, gheobhaidh tú liúntas oiliúna ina áit ag an ráta céanna leis an uasráta do shochar dífhostaíochta.

Má tá tú ag fáil íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora nó íocaíocht míchumais a cháilíonn, gheobhaidh tú íocaíocht cothrom leis an uasráta a bhaineann le d'íocaíocht leasa shóisialaigh. Leanfaidh tú ar aghaidh ag fáil na híocaíochta sin chomh maith le haon íocaíocht eile atá ar fáil agat ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Gheobhaidh tú liúntas beag don lón agus, ag brath ar an bhfad atá idir do bhaile agus an t-ionad VTOS, is féidir go mbeadh tú i dteideal liúntas taistil.

Tabharfar leabhair agus ábhair duit saor in aisce.

B'fhéidir go mbeadh cúram leanaí ar fáil.

Íocfar bónas €31.80 sa tseachtain leat más rud é go bhfuil íocaíocht áirithe leasa shóisialaigh incháilithe á fáil agat le bliain, ar a laghad, sula dtugann tú faoi chúrsa VTOS. Is féidir go mbeadh coinníollacha i gceist.

Céard atá i gceist le páirt a ghlacadh ar chúrsa VTOS?
Tá tinreamh 30 uair an chloig sa tseachtain (e.g. 6 huaire an chloig sa lá ar feadh 5 lá) riachtanach. Is féidir go mairfidh cúrsaí ar feadh dhá bhliain.

Cuireann cláir VTOS rogha leathan ábhar agus gníomhaíochtaí foghlama ar fáil.

Tá teastasú ar fáil ag réimse leibhéal, lena n-áirítear Teastas Sóisearach, Ardteistiméireacht agus FETAC/NCVA Bonnleibhéal, Leibhéal 1, Leibhéal 2 agus Leibhéal 3.

Céard is féidir liom a bhaint amach trí pháirt a ghlacadh in VTOS?
• Deis le leanúint le do chuid oideachais agus oiliúna.
• Deis scileanna nua a fhorbairt.
• Deis teastasú a bhaint amach ag réimse leibhéal.
• Deis fostaíocht mhaith a bhaint amach.

Cén áit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoi VTOS i mo cheantar áitiúil?
Déan teagmháil le d'ionad áitiúil VTOS

IONAID VTOS I GCONTAE NA GAILLIMHE

VTOS LEITIR FRAIC

Sorcha O'Toole
Comhordaitheoir
Ionad Breisoideachais V.T.O.S.
Leitir Fraic
Co. na Gaillimhe
Guthán: 095 41302
Facs: 095 41303
Ríomhphost: vtosletterfrack@cogalvec.ie

VTOS THUAMA

Michael McDonagh
Comhordaitheoir
Ionad Breisoideachais V.T.O.S.
Teach Airglooney
Tuaim,
Co. na Gaillimhe
Guthán: 093 25651
Facs: 093 26302
Ríomhphost: vtostuam@cogalvec.ie

VTOS ROS MUC

Sarah Nic Dhonnchadha
Comhordaitheoir Gníomhach
Ionad Breisoideachais,
Glinn Chatha,
Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091 574411
Facs: 091 574996
Ríomhphost: vtosrosmuc@cogalvec.ie

VTOS BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Cathal Larkin
Comhordaitheoir
Ionad Breisoideachais V.T.O.S.
Bóthar an tSáirséalaigh
Béal Átha na Sluaighe
Co. na Gaillimhe
Guthán: 09096 46492
Facs: 09096 46492
Ríomhphost: bsloevtos@eircom.net

CLÁIR ATÁ AR FÁIL TRÍ V.T.O.S.

Seo a leanas roinnt clár atá ar fáil trí V.T.O.S.

Staidéar Gnó Leibhéal 5 (BBSXX)

- Clúdaíonn an teastas Staidéar Gnó réimse leathan modúl ginearálta staidéir a chuirfidh ar chumas scoláirí oibriú i réimse gnó ar bith. Tá an cúrsa bunaithe sa seomra ranga agus clúdaíonn sé réimse leathan modúl cosúil le gnó, mata, ríomhairí agus cumarsáid. Ní theastaíonn aon réamhthaithí leis an gcúrsa seo a dhéanamh, ní theastaíonn ach suim a bheith ag obair sa réimse seo.

Modúil:
Próiseáil Focal Leibhéal 5 (B20032)
Modhanna Scarbhileoige Leibhéal 5 (B20028)
Modhanna Bunachar Sonraí Leibhéal 5 (B20012)
Cumarsáid Leibhéal 5 (G20001)
Taithí Oibre Leibhéal 5 (W20008)
Ríomhaireachtaí Gnó Leibhéal 5 (B20034)
Cleachtas Margaíochta Leibhéal 5 (B20017)
Foilsitheoireacht Deisce Leibhéal 5 (E20003)

- Cumarsáid
- Taithí Oibre
- Riarachán Gnó
- Modhanna Bunachar Sonraí
- Modhanna Scarbhileoige
- Staitisticí
- Próiseáil Focal
- Ríomhaireachtaí Gnó
- An tIdirlíon
- Éifeachtacht Phearsanta san Ionad Oibre
- Gaeilge
- Matamaitic
- Teicneolaíocht Faisnéise (Leibhéal 4)
- Feidhmchláir Ríomhaireachta (Leibhéal 4)
- Táirgeadh Téacs
- Párolla
- Leabharchoimeád
- Feirmeoireacht orgánach
- Cniotáil
- Fíodóireacht
- Boirdréis
- Péintéireacht
- Comhábhair
- Líníocht
- Ealaíona Pobail
- Cúram Leanaí Leibhéal 5
- Cúram Leanaí Leibhéal 6
- Sábháilteacht ar Muir i gcomhar le Bord Iascaigh Mhara
- Láimhseáil Bád Oibre
- Cothabháil agus Deisiú Trealamh Iascaireachta
- Loingseoireacht Chósta do Bháid Bheaga
- Saoirseacht Báid

Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL)

Is é an Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL) an clár teastasú scileanna IT is mó rath ar domhan.

ÓGTHEAGMHÁIL

Léargas ar Ógtheagmháil
Tá Ógtheagmháil dírithe ar dhaoine óga dífhostaithe a d'fhág an scoil luath agus atá idir 15-20 bliain d'aois. Tugann sé deis do rannpháirtithe roghanna inmharthana dá saol a aithint agus díriú orthu, agus tugann sé deiseanna dóibh teastais a bhaint amach. Feidhmíonn sé ar bhonn lánaimseartha ar feadh na bliana.

Cuspóirí Ógtheagmhála
Is é aidhm an chláir cabhrú le daoine óga dul ar ais ag foghlaim agus iad a ullmhú d'fhostaíocht agus don saol mar dhaoine fásta. Seo a leanas na cuspóirí ginearálta a bhaineann leis:

- Forbairt phearsanta agus shóisialta agus níos mó féinmhuiníne;
- dara seans ar oideachas agus oiliúint ar leibhéal tosaigh;
- cur chun cinn neamhspleáchais, féinriar pearsanta, saoránacht ghníomhach agus patrún d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil;
- bealaí a oscailt i dtreo an bhreisoideachais agus deiseanna oiliúna agus an margadh oibre;
- cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

CRITÉIR CHÁILITHEACHTA ÓGTHEAGMHÁLA

- Tá an clár dírithe ar dhaoine neamhcháilithe a fhágann an scoil luath, idir 15-20 bliain d'aois den chuid is mó.
- Cuireann an clár oiliúint ar fáil chomh maith don fhoireann a oibríonn leis na daoine óga.

Cuspóirí

- Forbairt phearsanta agus shóisialta agus níos mó féinmhuiníne.
- Dara seans ar oideachas agus oiliúint ar leibhéal tosaigh.
- Cur chun cinn neamhspleáchais, féinriar pearsanta agus patrún d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.
- Bealaí a oscailt i dtreo an bhreisoideachais agus deiseanna oiliúna agus an margadh oibre.
- Cuimsiú sóisialta.

Gnéithe Riachtanacha den Chúrsa

- Forbairt phearsanta agus shóisialta
- Gairmscileanna
- Scileanna cumarsáide
- Tá an clár Bonnchéimeanna curtha le chéile mar mhaitrís churaclaim agus déantar na gnéithe seo a chur san áireamh ann. Is é seo an cur chuige a bhíonn in úsáid chomh maith sa teastas a chuireann FETAC ar fáil.

Modhanna
Is clár idirdhisciplíneach oideachais agus oiliúna é ÓGTHEAGMHÁIL. Tá sé dírithe ar fhoghlaimeoirí agus bunaithe ar thaithí. Tá béim láidir ar éachtaí a bhaint amach agus ar chumas na rannpháirtithe a fhorbairt. Cuireann an clár féinurraim agus féiniúlacht na rannpháirtithe chun cinn, chomh maith le bród as a gcumais agus as a gcuid oibre. Is taithí chomhtháite atá i gceist leis; tugtar le chéile scileanna pearsanta, cumarsáide agus gairme i maitrís churaclaim bunaithe ar thaithí.

Caighdeáin dea-chleachtais
Ón taithí atá ag ÓGTHEAGMHÁIL, seo a leanas na príomhghnéithe a n-éiríonn leo stop a chur le duine óg ag fágáil na scoile go luath: Béim ar fhorbairt uilíoch an duine; timpeallacht foghlama atá sábháilte, struchtúrtha agus dúshlánach – ní mór do chláir díriú ar neamhspleáchas agus ar chomhtháthú; próiseas atá dírithe ar an rannpháirtí agus atá treoraithe ag an rannpháirtí araon - ba cheart go mbeadh aiseolas oscailte agus ionraic idir an t-oiliúnóir agus na rannpháirtithe; cur chuige foirne - is mó éifeacht a bhíonn ag cláir má eagraítear iad ar bhonn maitrís churaclaim áit a mbíonn gach múinteoir nó oiliúnóir ag cur cuspóirí idirdhisciplíneacha curaclaim i bhfeidhm (mar shampla forbairt ar scileanna cumarsáide, feasacht sláinte agus sábháilteachta, etc.)

IONAID ÓGTHEAGMHÁLA I GCO. NA GAILLIMHE

ÓGHEAGMHÁIL THUAMA

Gerardine McDonagh,
Comhordaitheoir
Ógtheagmháil,
Páirc Ghnó Airglooney,
Airglooney,
Tuaim,
Co na Gaillimhe.
Guthán: 093-26246
Facs: 093-26610
Ríomhphost: youthreachtuam@cogalvec.ie

ÓGHEAGMHÁIL BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Bill Day
Comhordaitheoir
An tIonad Ógtheagmhála,
Cullen's Yard,
An Phríomhshráid,
Béal Átha na Sluaighe,
Co. na Gaillimhe
Guthán: 09096-42158
Facs: 09096-43928
Ríomhphost: ballinasloeyr@eircom.net

ÓGHEAGMHÁIL LEITIR FRAIC

Theresa McLoughlin
Comhordaitheoir
Ionad Oideachais Leitir Fraic
Conamara Thiar
Leitir Fraic
Co. na Gaillimhe
Guthán: 095 – 41893
Facs: 095 - 41221
Ríomhphost: info@youthreachletterfrack.com

ÓGHEAGMHÁIL PHORTOMNA

Isabelle Ní Dhuinn
Comhordaitheoir
Ógtheagmháil Phortomna
Sráid na Mainistreach
Portomna
Co. na Gaillimhe
Guthán: 090 97-59576
Facs: 090 97-59578
Ríomhphost: youthreachportumna@gmail.com

ÓGHEAGMHÁIL LEITIR MÓIR

Elesia Ní Cheannabháin
Comhordaitheoir
Ógtheagmháil
Teagmháil na nÓg
Leitir Móir
Co. na Gaillimhe
Guthán: 091 - 551473
Facs: 091 – 551160
Ríomhphost: letmoryr@eircom.net

ROGHA CLÁR ATÁ AR FÁIL TRÍ ÓGTHEAGMHÁIL

Modúil FETAC ag leibhéil 3, 4 agus 5

- An Teastas Sóisearach
- An Ardteistiméireacht
- Cumarsáid
- Matamaitic
- Ealaín/Dearadh
- Litearthacht ríomhaireachta
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Drámaíocht
- Bia & Cócaireacht
- Ceardaíocht adhmaid
- Miotalóireacht
- Cumarsáid Ghrafach
- Nósanna imeachta oifige
- Éifeachtacht phearsanta
- Ullmhú don obair
- Treoshuíomh oibre
- Ceardaíocht adhmaid
- Taithí Oibre
- Corpacmhainn ar son na sláinte
- Ceirdeanna
- Bia agus cothú
- Gníomhaíochtaí lasmuigh

Modúil Intí:

- Feasacht drugaí
- Sláinte agus Sábháilteacht
- “Copping On”
- Treoir agus comhairleoireacht
- Turais agus gníomhaíochtaí
- Caidrimh agus Gnéasacht
- Oideachas agus Spórt

Ceachtanna Tiomána

E.C.D.L.

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

- Is é aidhm an chúrsa seo scoláirí a ullmhú don sochaí nó le dul ar aghaidh níos faide leis an oideachas.
- I measc na n-ábhar atá ar fáil tá: Béarla, Gaeilge, Matamaitic, Eacnamaíocht Bhaile Sóisialta & Eolaíoch, Ealaín, Staidéar Gnó, Tíreolaíocht.

Tacaíocht Litearthachta

Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsir

Bunaíodh Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsir sa bhliain 1974 chun oideachas cúiteach bunúsach a chur ar fáil don Lucht Siúil idir 15 agus 25 bliain d'aois, cé nach mbaineann an t-uasteorainn aoise sin níos mó. Tá líonra de thríocha trí ionad ar fud na tíre.

Tá freagracht iomlán na nIonad seo ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus déantar iad a riar go háitiúil trí na Coistí Gairmoideachais. Déantar na hIonaid seo a bhainistiú trí Choistí Bainistíochta pobalbhunaithe, is fochoistí reachtúla iad seo a bhaineann leis na Coistí Gairmoideachais de réir an Achta Oideachais Ghairme Beatha 1930.

Bíonn comhaltaí na gCoistí Gairmoideachais, comhaltaí ó eagraíochtaí ionadaíocha áitiúla agus baill den Lucht Siúil ar na Boird sin.
D'éirigh leis na hionaid bunscileanna litearthachta, uimhearthachta, sóisialta / scileanna saoil, adhmadóireachta, miotalóireachta agus eacnamaíocht bhaile, i measc go leor eile, a thabhairt do bhaill den Lucht Siúil a d'fhág an córas oideachais tar éis na bunscoile nó nach ndeachaigh ar scoil ar chor ar bith. Tá go leor den Lucht Siúil anois ag baint tairbhe as an dara deis ar oideachas sna hIonaid seo; tá líon mór díobh ag filleadh ar an oideachas. Aithníonn siad an luach atá ar oideachas i gcomhthéacs an timthriall a bhaineann le míbhuntáiste oideachais agus sóisialta a bhí lárnach ina bpobal le blianta a bhriseadh.

Chomh maith le hoideachas riachtanach a chur ar fáil ar bhealach níos iomláine, cabhraíonn na hIonaid deireadh a chur le leithcheal agus cothaíonn siad níos mó comhoibriú agus measa idir pobal an Lucht Siúil agus an pobal 'socraithe'. Mar thoradh ar an ardú ar an líon clár oideachais creidiúnaithe ag FETAC sna hIonaid, tá soláthar leathan oideachais anois ann le hais soláthar litearthachta agus uimhearthachta, i gcomhthéacs cláir oiliúna atá deartha le scoláirí a ullmhú d'fhostaíocht íoctha lánaimseartha, an fáth ar bunaíodh na hIonaid an chéad lá riamh.

Cuirtear an clár ar fáil le haghaidh 44 seachtain thar dhá bhliain agus is féidir cur leis an tréimhse oiliúna seo más gá ionas gur féidir le scoláirí cáilíochtaí Ardteistiméireachta nó a chomhionann a bhaint amach.

Comhtháthaíonn an clár bunscileanna le gach gné de thaithí an Lucht Siúil. Leagann cláir an-bhéim ar na bunscileanna litearthachta, uimhearthachta, cumarsáide agus scileanna nuatheicneolaíochta, agus ag an am céanna cuireann siad réimse roghanna gairme ar fáil atá ceangailte le clár taithí oibre. Tá an clár deartha le bheith solúbtha ionas gur féidir leis freastal ar na riachtanais, na buanna agus na spéiseanna a shonraíonn an Lucht Siúil.
Is buntáiste ollmhór é do phobal an Lucht Siúil cláir oideachais a bhunú agus a fheidhmiú i ngach ionad teastaithe ag FETAC, ós rud é gur thug sé an deis chéanna dóibh is a bhí ag a macasamhail sa phobal 'socraithe'. Leathnaítear an réimse roghanna le dul chun cinn a dhéanamh le cinntiú go mbeidh réimse roghanna ann sna hearnálacha oideachais nó oiliúna.

Bíonn páirt lárnach ag líonraí atreoraithe áitiúla i seachadadh rathúil na gclár sna hIonaid. Tá tábhacht ag baint le naisc le scoileanna, eagraíochtaí óige, na seirbhísí promhaidh, an tSeirbhís Teagmhála don Óige, EWS agus an tSeirbhís Sláinte i gcinntiú go bhfuil teacht acu siúd i ngátar ar chláir chuí. Tá na naisc sin cothaithe ag na hIonaid ar bhealach a chuireann réiteach comhtháite ceantarbhunaithe chun cinn le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais phobal an Lucht Siúil.

Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsir

Léargas ar an tSeirbhís / Cláir & Teastais a thairgtear:
Is ionaid oideachais agus oiliúna iad Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil atá oscailte do bhaill den Lucht Siúil agus do gach ball den sochaí sna ceantair seo a leanas:

- **Tuaim**
- **Béal Átha na Sluaighe**
- **Baile Locha Riach**

Cuireann gach Ionad réimse ábhar agus scrúduithe ar fáil i.e. an Teastas Sóisearach / an Ardteistiméireacht, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, FETAC (leibhéil 3-5).
Seirbhísí Tacaíochta atá ar fáil –
Seirbhís treorach/comhairleoireachta
Seirbhísí ó Aighneachtóir FÁS
Oibrí Teagmhála Pobail

IONAD OILIÚNA NAOMH BREANDÁN, BAILE LOCHA RIACH

Catherine Cooney, Stiúrthóir.
Ionad Oideachais Haverty d'Aosaigh,
Sráid na Mainistreach,
Baile Locha Riach,
Co. na Gaillimhe

Guthán: 091-841387
Facs: 091- 842614
Ríomhphost: stbrendanstc@cogalvec.ie

IONAD OILIÚNA AGUS OIDEACHAIS THEACH MADONNA

Rita Coen,
Stiúrthóir,
Bóthar an tSáirséalaigh,
Béal Átha na Sluaighe,
Co. na Gaillimhe

Guthán: 090 9643479
Facs: 090 9644983
Ríomhphost: madonnahousebsloe@cogalvec.ie

IONAD OILIÚNA NAOMH BENIN, TUAIM

Gerardine McDonagh,
Ionad Oiliúna Naomh Benin,
Bóthar an Chora,
Tuaim,
Co. na Gaillimhe

Guthán: 093-28640
Facs: 093-28680
Ríomhphost: saintbenin@eircom.net

TIONSCNAMH FILLEADH AR AN OIDEACHAS (B.T.E.I.)

Céard é an Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas?
Cuireann an B.T.E.I cláir pháirtaimseartha bhreisoideachais ar fáil do dhaoine óga agus d'aosaigh. Is é an aidhm atá leis deis a thabhairt do dhaoine filleadh ar an oideachas agus cúraimí eile a láimhseáil ag an a céanna cosúil le teaghlach agus obair. Tá sé mar aidhm ag an BTEI chomh maith aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna na ndaoine dífhostaithe agus iad siúd nach bhfuil sa mhargadh oibre agus deis a thabhairt dóibh siúd atá ag obair a gcuid scileanna a uasghrádú ar aon dul le riachtanais a thagann chun cinn. Faoin BTEI, cuireann Seirbhís Oideachais d'Aosaigh VEC Chontae na Gaillimhe réimse leathan deiseanna oideachais ar fáil atá páirtaimseartha, solúbtha agus nuálaíoch.

Cé atá in ann páirt a ghlacadh i gcláir BTEI?
Is féidir le duine ar bith atá imithe ó oideachas lánaimseartha páirt a ghlacadh ach tugtar tús áite do dhaoine a d'fhág an scoil luath agus do scoláirí reatha.

Cá bhfuil cláir BTEI ar fáil?
Tá cláir ar fáil in Ionaid Oideachais d'Aosaigh agus in áiteanna eile i bpobail ar fud an chontae.

Cén uair a bhíonn cláir BTEI ar fáil?
Cuirtear ranganna ar fáil ar feadh na bliana ar maidin, sa tráthnóna, san oíche nó ag an deireadh seachtaine. Is féidir le foghlaimeoirí modúil aonair nó comh-mhodúil a dhéanamh.

Cé na cláir BTEI atá ar fáil?
Tá réimse leathan clár ar fáil mar shampla Gairneoireacht, Cúram Leanaí, Cumarsáid, Dobharshaothrú, Cúram Sláinte, Gnó, Teicneolaíocht Faisnéise, Ealaín & Ceardaíocht etc. Cuirimid cláir ar fáil don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht.

An féidir teastasú a fháil trí chúrsaí BTEI?
Is féidir, cuirtear teastasú ar fáil trí FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna). Is í seo an cháilíocht a bhíonn á lorg ag fostóirí agus tá sí aitheanta go náisiúnta. Tá réimse leathan modúl ó FETAC Leibhéil 3-5 ar fáil. Is ar bhonn éilimh a chuirtear na modúil ar fáil agus d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith idir na hionaid.

Céard é an difríocht idir na leibhéil?
Tá Leibhéal 3 (Bonnleibhéal) feiliúnach dóibh siúd a d'fhág an scoil luath agus atá ag iarraidh filleadh ar an oideachas. Má bhaineann siad sult as filleadh ar an oideachas is féidir leo leanúint ar aghaidh chuig Leibhéal 4 agus Leibhéal 5. Is féidir le daoine tosú ag Leibhéal 5 má tá Ardteistiméireacht acu agus/nó taithí chuí eile.

An bhfuil costas ag baint leis an BTEI?
Tá teagasc saor in aisce dóibh siúd a bhfuil:

- An scoil fágtha acu gan oideachas dara leibhéal a chríochnú.
- Íocaíocht Leasa Shóisialaigh á fáil acu agus a gcleithiúnaithe.
- A bhfuil cárta leighis acu agus a gcleithiúnaithe.

Beidh táillí le híoc ag aon duine eile.

Céard a bhainfidh mé amach as páirt a ghlacadh sa BTEI?

Má ghlacann tú páirt i gcláir pháirtaimseartha faigheann tú deis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Leanúint le do chuid foghlama
- Teastasú náisiúnta a bhaint amach
- Scileanna nua a fhorbairt
- Deiseanna nua fostaíochta a chuardach.

Tá gach cúrsa a fhógraítear faoi réir maoiniú sásúil agus íoslíon rannpháirtithe. Chun eolas a fháil faoi chúrsaí i do cheantar déan teagmháil leis an bpríomhoifig Oideachais d'Aosaigh ag 091-874533 nó seol rphost chuig: btei@cogalvec.ie

Faigheann BTEI cúnamh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó Chiste Sóisialach na hEorpa, mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

CÚRSAÍ FETAC ATÁ AR FÁIL

FETAC Leibhéal 5 Teastas i nDobharshaothrú

Tá an cúrsa seo á thairiscint sna hionaid seo a leanas:

Ros Muc

Ionad Breisoideachais
Glinn Chatha
Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091 574411 **Facs:** 091 574996 **Ríomhphost:** vtosrosmuc@cogalvec.ie

Leitir Fraic

VTOS Leitir Fraic
Ionad Breisoideachais V.T.O.S.
Leitir Fraic
Co. na Gaillimhe
Guthán: 095 41302 **Facs:** 095 41303 **Ríomhphost:** vtosletterfrack@cogalvec.ie

Tá an cúrsa seo deartha chun oiliúint chuimsitheach a chur ar fáil sna scileanna a theastaíonn le hoibriú go cumasach ar fheirm éisc. Bheadh cuid de na modúil ina n-ábhar spéise d'fheirmeoirí éisc atá ag obair cheana féin. Is féidir na modúil seo a thógáil astu féin le freastal ar shainriachtanais oibre agus is féidir Taifead Éachta a chur ar fáil do gach modúl a chríochnaítear.

Croí-Mhodúil:

- Sábháilteacht ar Muir
- Táirgeadh Gorlainne - Iasc
- Láimhseáil Bád Oibre
- Oibríochtaí Fáis Sliogéisc

  Nó
- Oibríochtaí Fáis Iasc Eite

Modúil roghnacha:

- Oibríochtaí Innill Mhuirí
- Loingseoireacht agus Cobhsaíocht
- Próisis Cheardlainne Innealtóireachta

Modúil Ghinearálta Staidéir:

- Cumarsáid

Agus Modúl Ginearálta Staidéir amháin eile

Modúl Taithí Oibre

Teastas FETAC Leibhéal 5 in Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh

Tá ar cúrsa seo á thairiscint sna hionaid seo a leanas:

Uachtar Ard

Ionad Breisoideachais,
An Phríomhshráid,
Uachtar Ard,
Co. na Gaillimhe
Guthán: 091-866912

An Clochán

Ionad Breisoideachais Aonad 4 / 5, Coimpléacs Sweeney Oil, Bóthar na Gaillimhe, An Clochán, Co. na Gaillimhe
Guthán: 095-30812

Leitir Fraic

VTOS Leitir Fraic
Ionad Breisoideachais V.T.O.S., Leitir Fraic, Co. na Gaillimhe
Guthán: 095 41302 **Facs:** 095 41303 **Ríomhphost:** vtosletterfrack@cogalvec.ie

Is cúrsa dhá bhliain é an cúrsa Ealaíne, Ceardaíochta agus Dearaidh a chlúdaíonn na réimsí riachtanacha ar fad laistigh de chleachtas Ealaíne, Ceardaíochta agus Dearaidh.

I measc na gcroí-mhodúl tá:

- Líníocht
- Dearadh
- Dealbhadóireacht
- Taithí Oibre
- Cumarsáid

I measc na modúl roghnach tá:

- Ceardaíocht seodra miotail
- Teicstílí fite
- Baitíc
- Péintéireacht

Teastas FETAC Leibhéal 3 i nDéanamh Curach (Ceardaíocht)

Tá an cúrsa seo á thairiscint san ionad seo a leanas:

Ros Muc
Ionad Breisoideachais, Glinn Chatha, Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091 574411 **Ríomhphost:** vtosrosmuc@cogalvec.ie

Tá an cúrsa seo dírithe ar na scileanna a bhaineann le déanamh agus cóiriú bád traidisiúnta a choinneáil beo, agus scileanna nua a fhorbairt i ndearadh, i saoirseacht agus i gcóiriú bád.
Chun Teastas FETAC Leibhéal 3 a bhaint amach, ní mór d'iarratasóir trí chroí-mhodúl agus cúig mhodúl roghnacha a dhéanamh – gheobhaidh iarratasóirí a dhéanann líon níos lú modúl ná sin teastais Chomhpháirte.

I measc na modúl tá:

- Scileanna Saoirseachta Bád Traidisiúnta
- Ceardaíocht Adhmaid
- Cumarsáid
- Taithí Oibre
- Ríomhaireacht.

Teastas FETAC Leibhéal 5 i gCúram Leanaí

Tá an cúrsa seo á thairiscint sna hionaid seo a leanas:

An Gort,
Ionad Breisoideachais, Bóthar Inse, An Gort.
Guthán: 091 630647 nó 0872818506 **Ríomhphost:** aegs@cogalvec.ie

Uachtar Ard
Ionad Breisoideachais, An Phríomhshráid, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe **Guthán:** 091-866912

Maigh Cuillinn
Ionad Breisoideachais, Co. na Gaillimhe **Guthán:** 091-555877 **Facs:** 091-556259

Áth Cinn
Áth Cinn, An Phríomhshráíd, Co. na Gaillimhe
Guthán: 093-34746 **Ríomhphost:** tbyrne@cogalvec.ie

Leitir Fraic
VTOS Leitir Fraic, V.T.O.S. Ionad Breisoideachais, Leitir Fraic, Co. na Gaillimhe
Guthán: 095 41302 **Ríomhphost:** vtosletterfrack@cogalvec.ie

Baile Locha Riach
Ionad Oiliúna Naomh Breandán, Baile Locha Riach, Ionad Oideachais Haverty d'Aosaigh, Sráid na Mainistreach, Baile Locha Riach
Guthán: 091-841387 **Facs:** 091- 842614 **Ríomhphost:** stbrendanstc@cogalvec.ie

Bhéal Átha Ghártha
An Phríomhshráíd, Bhéal Átha Ghártha, Co. na Gaillimhe **Guthán: 09066-24003**

Ros Muc
Ionad Breisoideachais, Glinn Chatha, Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091 574411 **Ríomhphost:** vtosrosmuc@cogalvec.ie

Is cúrsa páirtaimseartha é seo a ullmhaíonn scoláirí le dul ag obair le leanaí óga. Is cúrsa iontach é do lucht fágála scoile mar aon le daoine aibí le taithí atá ag iarraidh cáilíocht fhoirmiúil. Tá sé deartha do dhaoine ar mian leo aire a thabhairt do leanaí i réimse suímh lena n-áirítear, naíolanna, creiseanna, grúpaí spraoi, bunscoileanna agus sa réimse riachtanas speisialta. Faightear taithí phraiticiúil i dtrí réimse: Luathoideachas, Cúram Lae agus Riachtanais Speisialta agus gheobhaidh scoláirí tuiscint mhaith ar ghnáthfhorbairt agus ar ghnáthriachtanais leanaí óga.

Modúil éigeantacha:

- Cúram Leanaí (0-6 bliana)
- Ag obair i gcúram leanaí
- Taithí Oibre
- Forbairt an Linbh
- Cumarsáid

Modúil roghnacha:

- Ealaíona & Ceardaíocht do Chúram Leanaí
- Soláthar & Cleachtas Cúraim
- Gaeilge do Sheirbhísí Réamhscoile
- Sláinte & Sábháilteacht ag an Obair
- Oideachas Luath-Óige
- Modúl ábhartha ceadaithe

Is gá ocht modúl a thabhairt chun críche chun an dámhachtain iomlán a bhaint amach.

Teastas FETAC Leibhéal 5 i gCúram Pobail/Tacaíocht Cúram Sláinte

Tá an cúrsa seo á thairiscint sna hionaid seo a leanas:

Baile Locha Riach

Ionad Oiliúna Naomh Breandán, Baile Locha Riach, Ionad Oideachais Haverty d'Aosaigh, Sráid na Mainistreach, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091-841387 **Facs:** 091- 842614
Ríomhphost: stbrendans@cogalvec.ie

Béal Átha na Sluaighe

Ionad Oiliúna agus Oideachais Theach Madonna, Bóthar an tSáirséalaigh, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe
Guthán: 090 9643479 **Facs:** 090 9644983 **Ríomhphost:** madonnahouse@cogalvec.ie

An Gort,
Ionad Breisoideachais, Bóthar Inse, An Gort.
Guthán: 091 630647 nó 0872818506 **Ríomhphost:** aegs@cogalvec.ie

Ath Cinn
Áth Cinn, Co. na Gaillimhe
Guthán: 093-34746 **Ríomhphost:** tbyrne@cogalvec.ie

Ros Muc
Ionad Breisoideachais, Glinn Chatha, Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091 574411 **Ríomhphost:** vtosrosmuc@cogalvec.ie

Bhéal Átha Ghártha
Ionad foghlama d'Aosaigh, Bhéal Átha Ghártha, Co. na Gaillimhe
Guthán: 09066-24003

Uachtar Ard
Ionad Breisoideachais, An Phríomhshráid, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091-866912

Tugann an cúrsa seo scileanna agus eolas don fhoghlaimeoir a theastaíonn le hoibriú i suíomh cúraim, sna seirbhísí sláinte, i dteach altranais nó sa phobal. Tá an cúrsa ar fáil do dhaoine atá ag obair faoi láthair san earnáil cúram sláinte.

Modúil éigeantacha:

- Scileanna cúraim
- Tacaíocht cúraim
- Sláinte & sábháilteacht ag an obair
- Cumarsáid
- Taithí Oibre

Modúil roghnacha:

- Cúram an duine bhreacaosta
- Cúram Leanaí (0-6)
- Cosc & Rialú Ionfhabhtaithe
- Modúl cuí ceadaithe

Ní mór na hocht modúl a chríochnú chun an dámhachtain iomlán a bhaint amach.

Teastas FETAC Leibhéal 5 sa ríomhGhnó

Tá an cúrsa seo á thairiscint san ionad seo a leanas:

Ionad Oideachais d'Aosaigh Thuama

Ionad Breisoideachais V.T.O.S.,
Teach Airglooney, Tuaim, Co. na Gaillimhe.
Guthán: 093 25651 **Facs:** 093 26302 **Ríomhphost:** vtostuam@cogalvec.ie

Uachtar Ard
Ionad Breisoideachais, An Phríomhshráid, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091-866912

Tugann an clár seo deis do rannpháirtithe an Teastas FETAC Leibhéal 5 sa ríomhGhnó a dhéanamh. Tá an cúrsa seo sa Ríomhaireacht agus sa ríomhGhnó deartha do scoláirí a bhfuil suim acu gairm a bhaint amach sa réimse fáis a bhaineann le Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Ríomhaireachta laistigh den phobal gnó níos leithne. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa na scileanna cuí a thabhairt don scoláire, scileanna teoirice agus praiticiúla araon, dá ngairm.

Seo a leanas cuid de na modúil atá ar fáil faoin gclár seo:

- Cumarsáid
- An tIdirlíon
- Dearadh Idirlín – Dreamweaver (Réamhrá)
- ECDL Tosaigh
- ríomhGhnó
- Párolla – Cuntais ríomhairithe & láimhe
- Taithí Oibre

Teastas Bonnleibhéil FETAC Leibhéal 3 i Staidéir Ghinearálta

Tá an cúrsa seo á thairiscint san ionad seo a leanas:

Tuaim

Ionad Oiliúna Naomh Benin
Ionad Oiliúna Naomh Benin, Bóthar an Chora, Tuaim, Co. na Gaillimhe
Guthán: 093-28640 **Facs:** 093-28680 **Ríomhphost:** saintbenin@eircom.net

Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaoine atá ag filleadh ar an obair agus tá na modúil seo a leanas san áireamh:

- Cumarsáid
- Uimhearthacht
- Gruagaireacht
- Cumhdach troscáin
- Ceirdeanna
- Ullmhú don obair
- Litearthacht ríomhaireachta
- Éifeachtúlacht phearsanta

Teastas FETAC Leibhéal 4 i Staidéir Ghinearálta

Tá an cúrsa seo á thairiscint sna hionaid seo a leanas:

Ionad Oideachais d'Aosaigh Thuama

Ionad Breisoideachais V.T.O.S., Teacht Airglooney, Tuaim, Co. na Gaillimhe.
Guthán: 093 25651 **Facs:** 093 26302 **Ríomhphost:** vtostuam@cogalvec.ie

Baile Locha Riach

Ionad Oiliúna Naomh Breandán, Baile Locha Riach, Ionad Oideachais Haverty d'Aosaigh, Sráid na Mainistreach, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.
Guthán: 091-841387 **Facs:** 091- 842614 **Ríomhphost:** stbrendanstc@cogalvec.ie

Tugann an cúrsa seo deis do rannpháirtithe filleadh ar an oideachas. Glacann scoláirí páirt i gclár beartaithe agus faigheann siad taithí ar an bhfoghlaim laistigh agus lasmuigh den scoil. Faigheann rannpháirtithe tacaíocht ó mhúinteoirí a chuireann clár ar fáil atá dírithe ar na scileanna agus an t-eolas bunúsach a thabhairt do scoláirí a theastóidh uathu le dul ar aghaidh chuig oiliúint/fostaíocht lánaimseartha.

I measc na gcroí-mhodúl a thairgtear faoin gclár seo tá:

- Cumarsáid
- Matamaitic
- Éifeachtúlacht phearsanta
- Scileanna Teicneolaíocht Faisnéise

I measc na modúl roghnach tá:

- Feidhmchláir Ríomhaireachta
- Táirgeadh Téacs (Leibhéal 5)
- Iontráil Sonraí

D'fhonn an dámhachtain a bhaint amach ní mór gach modúl éigeantach a chríochnú. Ní mór ocht modúl ag Leibhéal 4 nó a chomhionainn a bhaint amach. (Leibhéal 5 = 2 dhámhachtain ag leibhéal 4)

FETAC Leibhéal 5 sa Ghruagaireacht

Tá an cúrsa seo á thairiscint san ionad seo a leanas:

Baile Locha Riach

Ionad Oiliúna Naomh Breandán,
Baile Locha Riach, Ionad Oideachais Haverty d'Aosaigh, Sráid na Mainistreach,
Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091-841387 **Facs:** 091- 842614 **Ríomhphost:** stbrendanstc@cogalvec.ie

Cuimsíonn an cúrsa na modúil éigeantacha seo a leanas:
Teoiric agus Cleachtas Gruagaireachta, lena n-áirítear: Cur i láthair pearsanta, Sláinte agus sábháilteacht sa salón, Ullmhú Cliant, Réamhrá d'anailís gruaige agus craicinn, Scileanna báisín, Scileanna stíleála, Buantonnú agus dathú, Scileanna stíleála agus bunscileanna gearrtha.

